
# SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE

## 17 SPRIOC CHUN AN DOMHAN A ATHRÚ Ó BHONN

Is é an fhís atá sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) ná deireadh a chur leis an mbochtaineacht, ní hamháin i dtíortha i mbéal forbartha ach in áiteanna mar Éire freisin. Bhain Spriocanna Forbartha na Mílaoise (SFM) le dul i ngleic leis an mbochtaineacht, leis an ocras agus leis an éagothroime, ach níor thug siad aghaidh ar bhunchúiseanna na bhfadhbanna sin. Is é an aidhm atá leis na SFI ná breathnú ar chúiseanna na bochtaineachta agus aghaidh a thabhairt ar na nithe a chuireann bac ar an bhforbairt.




Is é an aidhm atá le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 2 (SFI 2) ná deireadh a chur leis an ocras agus a chinntiú go mbeidh gach duine in ann a sháith de bhia maith cothaitheach a fháil ó thús deireadh na bliana faoi 2030.

Teastaíonn domhan uainn nach bhfaigheann aon duine bás ann d’uireasa bia shábháilte, mhaith, chothaithigh. Sin é an fáth a dtéimid i ngleic leis an ocras chun saol daoine a athrú.

Is féidir deireadh a chur leis an ocras faoi 2030 le toil agus le tacaíocht ó pholaiteoirí. Má ghlacann gach duine lena chion féin den fhreagracht, is féidir linn a chinntiú go mbeidh teacht ag gach duine i ngach áit ar a sháith de bhia cothaitheach ó thús deireadh na bliana.

Creidimid gur féidir linn an sprioc seo a bhaint amach.

Curtha in oiriúint ó: http://www.concernusa.org/story/7-things-you-need-to-know-about-the-sustainable-development-goals/

Sa daonáireamh, bailítear a lán sonraí faoi gach duine atá sa tír oíche an daonáirimh. Sa daonáireamh is deireanaí in Aibreán 2016, bhí ar gach duine in Éirinn a chuid sonraí a líonadh isteach ar fhoirm daonáirimh.

Is é an tábhacht a bhaineann leis an daonáireamh ná go gclúdaíonn sé gach duine sa tír is cuma cá bhfuil sé/sí. Tugann na torthaí eolas fíorthábhachtach dúinn, ní hamháin faoi líon an daonra sa tír ar fad ach faoi chomhdhéanamh an daonra sna bailte móra, sna bailte beaga agus i limistéir bheaga eile ar fud na tíre.

Cuireann an daonáireamh an t-eolas ar fáil a bhíonn ag teastáil chun pleanáil do sholáthar tithíochta, don oideachas, do chúramaí sláinte, don infreastruchtúr, etc .

Chomh maith le heolas a bhailiú faoi aois agus faoi inscne an daonra, cuirtear réimse de cheisteanna difriúla faoi teaghlaigh agus faoi dhaoine aonair freisin. San áireamh iontu seo tá ceisteanna faoin áit a n-oibríonn daoine agus faoin obair a dhéanann siad, faoin gcaoi a dtaistealaíonn siad go dtí a n-ionad oibre, ar scoil agus go dtí an coláiste, faoi na teangacha a labhraíonn siad, faoi mhíchumais, faoi theaghlaigh, faoin tithíocht agus faoi go leor nithe eile.

**DAONRA IOMLÁN 2016**

**4,757,976**

| | |
|---|---|
| An t-athrú ó 2011 | + 169,724 |
| An méadú nádúrtha (breitheanna lúide básanna) | + 198,282 |
| An imirce ghlan | - 28,558 |




An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

Daonáireamh 2016

RÉAMHTHORTHAÍ

TORTHAÍ dhaonáireamh 2016 www.cso.ie






Curtha in oiriúint as: www.cso.ie

# CÓIRTHRÁDÁIL

Slí dhifriúil chun trádáil a dhéanamh atá sa chóirthrádáil agus tá sí bunaithe ar chomhpháirtíocht idir cuid de na feirmeoirí agus de na hoibrithe is boichte sa domhan i mbéal forbartha, agus na daoine a cheannaíonn a gcuid earraí.

Nuair is féidir le feirmeoirí agus le hoibrithe earraí a dhíol de réir choinníollacha na Cóirthrádála, tugann sé seo margadh níos fearr dóibh: deis feabhas a chur ar a saol agus pleanáil a dhéanamh don todhchaí.

Tugann an Chóirthrádáil deis iontach do dhaoine an bhochtaineacht a laghdú agus iad ag siopadóireacht go laethúil.

## MARGADH AN CHAIFE

IS É AN CAIFE AN TÁIRGE TALMHÁIOCHTA TRÓPAICEACH **IS LUACHMHAIRE** AGUS IS MÓ A nDÉANTAR TRÁDÁIL AIR

TÁIRGEANN **25 MILLIÚN** MÍONSHEALBHÓIR (TALÚN)

80% DE CHAIFE AN DOMHAIN, GAN AG AON DUINE ACU ACH NÍOS LÚ NÁ **10 HEICTEÁR TÁLUN**



ÓLTAR THART AR **1.6 BILLIÚN** CUPÁN CAIFE AR FUD AN DOMHAIN GACH LÁ

FAIRTRADE IRELAND



**GO RAIBH MAITH AGAT AS TACAÍOCHT A THABHAIRT D'FHEIRMEOIRÍ CAIFE CÓIRTHRÁDÁLA**

FAIRTRADE IRELAND

## LEIS AN gCÓIRTHRÁDÁIL

TAGANN AN CAIFE CÓIRTHRÁDÁLA Ó FHEIRMEOIRÍ DEIMHNITHE IN **28** TÍR

IN 2014, BHUAIGH CAIFE CÓIRTHRÁDÁLA **14** DHUAIS MAR GHEALL AR A BHLASTA IS ATÁ SÉ

ÚSÁIDTEAR **25%** DEN PHRÉIMH CHÓIRTHRÁDÁLA CHUN FEABHAS A CHUR AR THÁIRGIÚLACHT AGUS AR CHAIGHDEÁN AN TÁIRGE

FAIGHEANN FEIRMEOIRÍ **ÍOSPHRAGHAS NA CÓIRTHRÁDÁLA** AR A LAGHAD AR A gCAIFE MÓIDE PRÉIMH CHÓIRTHRÁDÁLA LE hINFHEISTIÚ INA bPOBAL AGUS INA nGNÓ

IN 2014 CRUINNÍODH **€44M** TRÍD AN bPRÉIMH CHÓIRTHRÁDÁLA LE hINFHEISTIÚ I dTIONSCNAIMH GHNÓ AGUS PHOBAIL


FAIRTRADE IRELAND

Curtha in oiriúint ó: http://www.fairtrade.ie/product/table-talker-for-100-fairtrade-coffee-shops/

# Coisc an Cur Amú

## Sula gcuireann tú 'dramhaíl' i mbosca bruscair ar bith

**Uaschúrsáil í**
Sula gcuireann tú sa bhruscar í, an bhfeadfaí úsáid eile a bhaint aisti?



**Deisigh í**
An féidir í a dheisiú sula gcuireann tú sa bhruscar í?





**Ardchaighdeán**
Maireann earraí ardchaighdeáin níos faide



**Díol í**
www.donedeal.ie
www.ebay.com
www.gumtree.ie

**Bronn í**



Tabhair earraí is féidir a úsáid arís do ghaolta & do chairde. Is féidir iad a bhronnadh ar charthanas leis nó iad a chur ar www.freetradeireland.ie

## Tabhair cuairt ar na Bainc atá Saor in Aisce!



Faigh áit mhaith do sheanéadaí agus fág an ghloine sa bhanc athchúrsála - *saor in aisce!*

**Cuir sa bhosca gorm í**
Cuir do chuid seancheallraí i mbosca gorm na gceallraí a bhíonn i ngach siopa a dhíolann ceallraí




**Ná cuir amú í!**

Ná cuir bia amú: pleanáil go cúramach agus cócaráil an méid ceart duit féin agus don teaghlach. Breis eolais ag www.stopfoodwaste.ie



Curtha in oiriúint o: http://www.dlrcoco.ie/sites/default/files/atoms/files/reducing_waste.pdf